II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (AE) 2020/2185 ÓN gCOMHAIRLE

**an 18 Nollaig 2020**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Hondúras i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I mBealtaine 2003, ghlac an Coimisiún teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal "Forest Law Enforcement, Governance and Trade (FLEGT): Proposal for an EU Action Plan [Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT): Togra le haghaidh Plean Gníomhaíochta AE]". Leis an bPlean Gníomhaíochta a leagtar amach sa teachtaireacht sin ("Plean Gníomhaíochta FLEGT"), iarradh bearta chun aghaidh a thabhairt ar logánú neamhdhleathach trí Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálaí a fhorbairt le tíortha táirgthe adhmaid. Glacadh conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta FLEGT i nDeireadh Fómhair 2003 agus glacadh rún ó Pharlaimint na hEorpa ar an ábhar 11 Iúil 2005.

(2) An 5 Nollaig 2005, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht ar chomhaontuithe comhpháirtíochta le tíortha táirgthe adhmaid chun Plean Gníomhaíochta FLEGT a chur chun feidhme.

(3) An 20 Nollaig 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 [1], lenar bunaíodh scéim ceadúnúcháin FLEGT i gcás allmhairí adhmaid isteach san Aontas Eorpach ó thíortha lenar thug an tAontas comhaontuithe comhpháirtíochta saorálaí i gcrích.

(4) Tugadh i gcrích go rathúil an chaibidlíocht le Poblacht Hondúras i ngeall ar thabhairt i gcrích Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Hondúras i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí ("an Comhaontú") le hinisealú an Chomhaontaithe an 14 Meitheamh 2018.

(5) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí,

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347, 30.12.2005, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Hondúras i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích ([2]) an chomhaontaithe sin.

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Nollaig 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH

([2]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.